

1. Cén t-am é anois?

Tá sé ceathrú tar éis a hocht.

What time is it now?

It's a quarter past eight.



2. Cén t-am a thosaíonn an rang?

Tosaíonn sé ag cúig tar éis a hocht.

What time does the class start?

It starts at five past eight.

Cén t-am a éiríonn tú ar maidin?

Éiríonn mé ag a sé a chlog.

Éirím ag leathuair tar éis a seacht.

What time do you get up in the morning?

I get up at six o'clock.

I get up at half past seven.

Cén t-am a itheann tú an bricfeasta?

Ithim ag a hocht a chlog é.

Ní ithim an bricfeasta.

What time do you eat breakfast?

I eat it at eight o'clock.

I don't eat breakfast.

Cad a dhéanann tú ag a naoi a chlog ar maidin?

Tosaím ag obair ag a naoi.

What do you do at nine o'clock in the morning?

I start working at nine.

Cad a dhéanann tú ag a sé a chlog tráthnóna?

Ithim an dinnéar ag a sé.

Téim ag damhsa ag a sé.

Bím ag léamh ag a sé.

What do you do at six o'clock in the evening?

I eat dinner at six.

I go dancing at six.

I read at six.

3. Cén t-am a d'éirigh tú maidin inniu?

D'éirigh mé ag ceathrú chun a hocht.

What time did you get up this morning?

I got up at a quarter to eight.

Cén t-am a d'ith tú an bricfeasta maidin inniu?

D'ith mé ag a seacht a chlog é.

Níor ith mé an bricfeasta inniu.

What time did you eat breakfast this morning?

I ate it at seven o'clock.

I didn't eat breakfast today.

Cén t-am a rinne tú an dinnéar inniu?

Rinne mé ag a sé a chlog é.

Ní dhearna mise é. Rinne ... é.

Ní dhearna mé an dinnéar go fóill.

What time did you make dinner today?

I made it at six o'clock.

I didn't make it. ... made it.

I didn't make dinner yet.

Mo Chlann Fhiáin 1 (cuid a dó)

1. Idir na mbéilí (béilí), glanann muid a chéile.
2. Téann go leor feithidí ar nós sciortán agus fíneog i bhfolach i m'fhionnadh agus cuireann siad tochas orm.
3. Aimsíonn Maime iad agus tógann sí amach iad.
4. Tá an ghrian ag dul faoi.
5. Lá fada a bhí ann.
6. Aimsíonn mo chlann áit chompordach shábháilte le codladh.
7. Aimsíonn (mé) Maime agus tugaim croí isteach di.
8. Oíche mhaith, gach duine.

Ceisteanna

1. Cad a dhéanann na babúin idir na mbéilí?
2. Cén saghas feithidí a théann i bhfolach i bhfionnadh na mbabún?
3. Cad a dhéanann Maime leis na feithidí a aimsíonn sí?
4. Cad a aimsíonn na babúin sula dtéann siad a chodladh?
5. Cad a dhéanann an babún óg sula dtéann seisean a chodladh?
6. Cén ainmhí is fearr leat?
7. An dtéann tú chuig an sú go minic?
8. An ndeachaigh tú ag campáil riamh?
9. An bhfaca tú ainmhithe fiáine timpeall ort?
10. An bhfaca tú ainmhithe fiáine i dtír eile riamh?

My Wild Family 1 (part two)

Between meals, we clean each other.

A lot of insects like ticks and mites hide in my fur and make me itchy.

Mom finds them and takes them off.

The sun is setting.

It was a long day.

My family finds a comfortable, safe place to sleep.

I find Mom and I cuddle her.

Good night, everyone.

Questions

What do the baboons do between meals?

What kinds of insects hide in the baboons' fur?

What does Mom do with the insect she finds?

What do the baboons find before they go to sleep?

What does the young baboon do before he goes to sleep?

What's your favorite animal?

Do you go to the zoo often?

Did you ever go camping?

Did you see wild animals around you?

Did you ever see wild animals in another country?

An Caitín
ó “Cait agus scéalta eile”

1. Bhí cuid mhór crann i ngairdín Thríona.
2. Bhí sí ábalta a cat, Ispín, a fheiceáil óna teach crainn.
3. Thaitin sé leis luí ar a dhroim faoin ghrian.
4. “A Ispín! A Ispín! Cá bhfuil tú?” A scairt Tríona ón teach crainn.
5. Ach b’fhearr le hIspín fanacht ar an talamh.
6. “Ba dheas puisín a bheith agam le crainn a dhreapadh liom,” arsa Tríona.
7. Lá amháin chuala Tríona meamhlach. Ní Ispín a bhí ann.
8. Rud éigin a bhí ann a bhí rómhór le bheith ina phuisín ach róbheag le bheith ina chat.
9. “Ní puisín atá ann, agus ní cat atá ann,” arsa Tríona. “Caitín atá ann!”
10. Bhí an caitín iontach chairdiúil, ach chuaigh Ispín sa tóir air faoi na crainn agus trasna an ghairdín.
11. An lá arna mhárach bhí lón ag Tríona sa teach crainn.
12. Bhí rud éigin ag meamhlach. An caitín a bhí ann.
13. D’amharc sé ar na ceapairí. Thug Tríona ceapaire dó, rud a d’alp sé.
14. Dhreap Tríona anuas ón chrann.
15. Chuir sí bainne i mbabhla agus d’imigh sí ar ais suas sa chrann.
16. D’ól an caitín an bainne agus thit sé ina chodladh.
17. D’amharc Tríona ar an chaitín.
18. “Sílim go dtabharfaidh mé Stocaí ort, cionn is go bhfuil cosa dubha agus stocaí bána ort,” arsa Tríona.
19. Ón lá sin amach, d’fhan Ispín ar an talamh agus d’fhan Stocaí sa teach crainn.
20. “Is é Stocaí an cat crainn, agus is é Ispín an cat talaimh,” arsa Tríona.
21. I ndiaidh tamaill d’éirigh Ispín cleachta le Stocaí, ach níor éirigh siad mór le chéile!

The Young Cat
From “Presents and Other Stories”

There were a lot of trees in Tríona’s garden. She was able to see her cat, Sausage, from her tree-house. He liked to lay on his back under the sun. “Sausage! Sausage! Where are you?” called Tríona from her tree-house. But Sausage preferred to stay on the ground. “It would be nice to have a kitten to climb trees with me,” said Tríona. One day Tríona head mewing. It wasn’t Sausage. It was something that was too big to be a kitten but too small to be a cat. “It’s not a kitten, and it’s not a cat,” said Tríona. “It’s a young cat.” The young cat was very friendly, but Sausage chased it under the trees and across the garden. The next day Tríona had lunch in the tree-house. Something was mewing. It was the young cat. It looked at the sandwiches. Tríona gave a sandwich to him, which he devoured. Tríona climbed down from the tree. She put milk in a bowl and she went back up in the tree. The young cat drank the milk and fell asleep. Tríona looked at the young cat. “I think I will call you Socks, since you have black and white feet as if you have black feet and white socks on,” said Tríona. From that day on, Sausage stayed on the ground and Socks stayed in the tree-house. “Socks is the tree cat and Sausage is the ground cat,” said Tríona. After a while Sausage got used to Socks, but they were never great together.